Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/2920

2.6.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2920)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 6922

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025) 3110	23 Bealtaine 2025	4-(1,1,3,3-teitrimheitiol-búitil)feanóil, (‘4-treas-OPnEO’) eatocsailithe	BioMérieux SA, 376 Chemin de l’Orme, 69280, Marcy-l’Etoile, an Fhrainc	REACH/25/28/0/R1	Úsáid thionsclaíoch le haghaidh a airíonna glantacha neamhianacha, a úsáidtear chun ábhar bitheolaíoch a eastóscadh, ábhar a fhoirmlítear a thuilleadh agus a bhrataítear ar earraí atá beartaithe i gcomhair feidhmeanna tástála *in vitro* cliniciúla agus tionsclaíocha	An 4 Eanáir 2032	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.